


Stoirm Barra

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Stoirm Barra atá ag bualadh na tíre. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. Cén Ghaeilge atá orthu?

1. weather warning
2. tearing, breaking
3. floods
4. her banks
5. high tide
6. electricity
7. it was necessary
8. to re-route flights
9. blanket of snow
10. to pay attention to



Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an guideodh sin libh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair. Bain úsáid as an léarscáil agus as na focail sa bhosca chun cur síos a dhéanamh ar an mír don duine in aice leat.



foláireamh dearg / oráiste
tuilte
scoileanna / ionaid tástála agus vacsaínithe
an t-iardeisceart
eitiltí
seirbhísí Bhus Éireann
sneachta

Ceist 3 Cum ceisteanna anois, bunaithe ar an tuairisc, a bhfuil 'áit' mar fhreagra orthu. Mar shampla:

- *Cá raibh sé ag cur sneachta?*
- *I gContae Dhún na nGall.*

Cuir na ceisteanna a chum tú ar an duine in aice leat.

Ceist 4 An aidiacht bhriathartha

1. Breac síos aidiacht bhriathartha na mbriathra seo a leanas:

- fág –
- fógair –
- dún –
- buail –
- leag –
- iaigh –
- cuir –
- bailigh –

2. Féach ar an mír arís le feiceáil a raibh an ceart agat.

Ceist 5 '*...de dheasca na drochaimsire...*'

Cuir na réamhfocail chomhshuite thíos in abairtí lena mbrí a léiriú. Más ainmfhocal cinnte é an t-ainmfhocal a leanann réamhfhocal comhshuite, cuirtear sa ghinideach é. Féach an sampla thuas.

de bharr, i bhfeighil, ar feadh, ar fud, le linn, thar ceann, le haghaidh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas atá an aimsir inniu?
2. Cén chaoi ar chuir Stoirm Barra isteach ar do shaol féin?
3. An dóigh leat go bhfuil athrú ag teacht ar aimsir na hÉireann le tamall anuas? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-------------------------|---------------------------------------|
| 1. weather warning | <i>foláireamh aimsire</i> |
| 2. tearing, breaking | <i>ag réabadh</i> |
| 3. floods | <i>tuilte</i> |
| 4. her banks | <i>a bruacha</i> |
| 5. high tide | <i>lán mara</i> |
| 6. electricity | <i>aibhléis</i> |
| 7. it was necessary | <i>b'éigean</i> |
| 8. to re-route flights | <i>eitiltí a chur ar mhalairt slí</i> |
| 9. blanket of snow | <i>brat sneachta</i> |
| 10. to pay attention to | <i>aird a thabhairt ar</i> |

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

Ceist 3

Ceisteanna samplacha:

1. Cá bhfuil an foláireamh dearg?
2. Cá bhfuil Teach Solais Charraig Aonair?
3. Cá bhfuil an foláireamh gaoithe buí?
4. Cén áit ar thit crann ar thiománaí?
5. Cá raibh na tuilte?
6. Cén áit ar thuirling eitilt Ryanair ó Stansted?
7. Cén áit a bhfuil seirbhísí Bhus Éireann curtha ar ceal?
8. Cad iad na contaetha eile a bhí curtha ar an liosta de cheantair a bhfuil foláireamh oráiste i bhfeidhm iontu?

Ceist 4

fág – fágtha
fógair – fógartha
dún – dúnta
buail – buailte
leag – leagtha
iaigh – iata
cuir – curtha
bailigh – bailithe

Ceist 5

de bharr – Bhí mé mall de bharr an chruinnithe.
i bhfeighil – D'fhág mé mo dheirfiúr i bhfeighil an tí.
ar feadh – Beidh stoirmeacha again ar feadh na míosa.
ar fud – Tá tuilte ar fud na tíre.
le linn – Ní raibh sé ag mothú go rómhaith le linn na seachtaine.
thar ceann – Tá mise ag gníomhú thar ceann an bhainisteora.
le haghaidh – Cheannaigh mé cóta nua le haghaidh an gheimhridh.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ruairí Mac Con Iomaire

Tá nach mór 50,000 teach agus ionad gnó ar fud na tíre fós fágtha gan aon chumhacht ag Stoirm Barra. Tá foláireamh aimsire dearg i bhfeidhm i gCiarraí, i gCorcaigh agus i gContae an Chláir, agus tá stádas oráiste leis i bhfeidhm i roinnt mhaith contaetha eile. Tá sé fógartha tráthnóna ag an Roinn Oideachais gur cheart do gach scoil i gcontae ar bith a bhfuil stádas dearg nó oráiste i bhfeidhm fanacht dúnta amárach. Beidh foláireamh gaoithe buí i bhfeidhm don tír ar fad, ar ndóigh, go dtí a sé a chlog tráthnóna amárach.

Eibhlín Ní Choistealbha

Cumhacht na dtionta le feiscint¹ go soiléir ó Thig² Solais Charraig Aonair agus 'Barra' ag réabadh amach ó chósta Chléire i gContae Chorcaí inniu. I gCathair Chorcaí, bhí tuilte ar shráideanna na cathrach ó mhoch maidine nuair a sceith Abhainn na Laoi thar a bruacha ar chéanna na cathrach le linn lán mara. Bhí tuilte i Luimneach agus i gCiarraí chomh maith inniu. Go dtí seo, ceantar an iardheiscirt is measa atá buailte – Ciarraí agus Corcaigh ach go háirithe.

Tá na mílte tithe agus ionad gnó fós fágtha gan aon chumhacht aibhléise ó tháinig Barra i dtír ón Atlantach. Deir Bord Soláthair an Leictreachais go dtógfaidh sé roinnt ama fós ar shruthanna línte a fheisiú sna ceantair ina bhfuil stádas aimsire dearg, de dheasca na drochaimsire.

Chruthaigh crainnte³ leagtha deacrachtaí do thiománaithe ar fud na tíre agus bhí an t-ádh ar an tiománaí seo i gCill Mhantáin nuair a thit crann uirthi. Tá scoileanna agus coláistí tríú leibhéal sna ceantair ina bhfuil stádas dearg agus oráiste i bhfeidhm iata, chomh maith le cuid mhaith ionaid tástála agus vacsaínithe. Agus, tráthnóna, tá sé fógartha ag an Roinn Oideachais go gceart⁴ do gach scoil i ngach aon chontae ina bhfuil stádas dearg nó oráiste fanacht iata amárach chomh maith.

B'éigean eitiltí a chur ar mhalairt slí, ina measc eitilt de chuid na haerlíne *Delta* ó Nua-Eabhrac go Baile Átha Cliath, a cuireadh go hAmstardam, agus eitilt de chuid *Ryanair* ó Stansted go Corcaigh, a cuireadh go hAerfort na Sionainne.

Tá seirbhísí Bhus Éireann curtha ar ceal i gCorcaigh, i gCiarraí agus i gContae an Chláir agus deir Iarnród Éireann go bhfuil a gcuid seirbhísí ag feidhmiú arís mar is gnách. Tá Sligeach agus Liatroim curtha leis an liosta ina bhfuil foláireamh oráiste i bhfeidhm go dtí a hocht a chlog maidin amárach, agus tá foláireamh oráiste i bhfeidhm do Dhún na nGall go dtí a dó a chlog amárach, áit go dtit⁵ brait sneachta. Táthar ag moladh do dhaoine, go háirithe sna ceantair ina bhfuil stádas dearg agus oráiste i bhfeidhm, aird a thabhairt ar na foláirimh aimsire agus fanacht ag an mbaile go dtí go mbeidh Stoirm Barra bailithe léi.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

¹ *feiceáil* an leagan caighdeánach

² *teach* an leagan caighdeánach

³ *crainn* an leagan caighdeánach

⁴ *gur cheart* an leagan caighdeánach

⁵ *ar thit* an leagan caighdeánach